An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an: Déardaoin, 3 Bealtaine, 2001.

# EALAÍN

# **OBAIR CHEARDAÍOCHTA**

## ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 10 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00  TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.**

**TREORACHA**

Léigh na treoracha seo a leanas agus déan iad a chomhlíonadh.

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne, uirlisí agus ábhair dearaidh is gá, leis an scrúdú a chomhlánú.

(b) Is gá an t-eolas seo a leanas a scríobh go soiléir ar gach uile bileog líníochta.
- * D'uimhir scrúdaithe agus an leibhéal scrúdaithe atá á dhéanamh agat.
- * Ainm do rogha ceardaíochta.
- * Uimhir na ceiste a roghnaigh tú.

(c) Tabharfar clúdach ceardaíochta trédhearcach duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na rudaí seo a leanas.
- * Sceitsí ullmhúcháin, más ann dóibh. Is gá é seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide.
- * Réamhsceitse amháin, aitheanta mar an gcéanna.
- * Saothar ceardaíochta amháin comhlánaithe. (Más rud é go bhfuil do shaothar ceardaíochta tríthoimhseach is cóir é a leagann ar an gclúdach ceardaíochta <u>dúnta</u>)

(1) *Sceitsí Ullmhúcháin* ar <u>thaobh amháin</u> de leathanach A2 — 0 marc
Déantar an sceitse seo sa tseachtain roimh an scrúdú agus ceadaítear duit é a bhreith isteach leat sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne. Is gá an bhileog seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide ag dearbhú gur leat féin amháin an obair. D'fhéadfadh an t-ábhar sa sceitse a bheith comhdhéanta de mhínithe pearsanta agus smaointe taighdithe bunaithe ar an gCeist roghnaithe. Is féidir nótaí a chur le gach líníocht/sceitse a thaispeánfaidh conas ar ghineadh na bunsmaointe dod' shaothar ceardaíochta.

(2) *Réamhsceitse* ar <u>thaobh amháin</u> de leathanach A2 — 10 marc
Is gá an réamhsceitse a chur i gcrích i rith an tréimhse scrúdaithe. Ba chóir go mbeadh <u>forbairt shuntasach sa bhreis</u> le feiceáil ar do chuid smaointe sa sceitse seo thar mar atá sa sceitse ullmhúcháin. Is gá go léireodh an réamhsceitse na cáilíochtaí fheidhmiúla agus radharcacha ar fad atá ag an saothar ceardaíochta 2D nó 3D ar nós - Cruth, Uigeacht, Tomhais, Imlíne, Maisiúchán agus Críoch. **Ní bhronnfar marcanna ar bith ar chóip díreach den sceitse ullmhúcháin.**

(3) *Saothar Ceardaíochta Críochnaithe* — 90 marc
Déantar an saothar ceardaíochta seo a chur i gcrích ar lá an scrúdaithe.

Iomlán marcanna 100

## ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN DE NA CEARDAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS

### 1. LEABHARCHEARDAÍOCHT

**(a)** Dear agus déan fillteán do CHÁIPÉISÍ TÍ AGUS TEAGHLAIGH **NÓ** do nótaí agus do ghearrtháin ar EALAÍN AGUS AILTIREACHT BHARÓCACH. Bain úsáid as ábhair, dath agus litreacha oiriúnacha.

**NÓ**

**(b)** Dear agus déan fillteán chruthach (seachas dronuilleogach) spreagtha ag an EALAÍN NOUVEAU agus dearadh oiriúnach le heolas ar an ábhar seo a choimeád. Is cóir an maisiúchán agus na hábháir a bheith spreagtha ag an EALAÍN NOUVEAU.

### 2. PEANNAIREACHT

**(a)** Roghnaigh **ceann** de na téacsanna seo a leanas. Déan ceapachán cothrom agus litreoireacht sciliúil, léiritheach agus íomhánna shimplí á n-úsáid agat a chuideoidh le brí an téics a chur in iúl. Is féidir úsáid a bhaint as cuid den téacs nó as an téacs ina iomláine.

**NÓ**

**(b)** Roghnaigh **ceann** de na téacsanna seo a leanas mar inspioráid do cheapachán cothrom agus litreoireacht sciliúil, léiritheach á úsáid agat. Tabhair isteach dath, éagsúlacht méide sna litreacha, teicnící uigeachta nó colláis nó leagan amach neamhchoitianta de réir mar is cuí.

**TÉACS 1:** **NÓ**

*Breacdhorchadas faoin Tuath*

Feiceann an rún a íomhá.
Cuireann sé an tráthnóna ar rince i measc giolcach gan chorraí.
Tá laige nach dtugtar faoi ndeara
sa líon féarach.

Stánann beithígh tostacha le súile glasa,
Siúlann siad go mall síos ag an uisce i suaimhneas an tráthnóna.
Agus ardaíonn an loch a spúnóg ollmhór
Suas ag na béil ar fad.

*( Harry Edmund Martinson )*

**TÉACS 2:**

*Dán Osréalach*

Caitheann an scáthán atá ós cionn mo thinteán scáil
an tseomra ar mo fhuinneog; breathnaím sa scáthan is t'oíche
Agus feicim dhá sheomra: an chéad cheann deas in áit clé
Agus an dara ceann, taobh thall den fhuinneog fhrithchaite, ceartaithe.
Mise i mo sheasamh mo dhrom le mo dhrom. Feictear mo lampa seastáin
faoi thrí sa scáthán, faoi dhó i mo fhuinneog,
tá an tine sa scáthán dhá seomra uaim tríd an bhfuinneog,
tá an tine sa bhfuinneog seomra amháin uaim thíos an lochtán.
Tá an seomra féin sáite idir oíche agus solas agus gloine sa dá threo.
Feicim na lampaí sráide taobh thall agus i measc na scáileanna
iad lasmuigh mar a bhfuil mo sheomraí ar an trá folamh,
bh'fhéidir go dtiománfaidh tacsaí tríd an leabhragán
mar a bhfuil leabhair nach léitear agus thar an tine gan teas
agus go stopfaidh sé ag mo dheisc
nach féidir liom scríobh aige mar nach ciotóg mé.

*( Louis Mac Niece )*

### 3. PÓSTAER

Dear póstaer ina gcuideoidh an stíl, dath agus cóiriú na <u>LITREOIREACHTA</u> leis an teachtaireacht a mhíniú. Is féidir íomhánna a úsáid. Is fearr litreoireacht phearsanta, déanta ag an duine, a úsáid seachas stionsail atá táirgthe go tráchtálach.

Roghnaigh <u>CEANN AMHÁIN</u> de na téamaí seo a leanas:

- **(a)** BEALAIGH NA CUMHACHTA
- **(b)** Ceann ar aghaidh isteach i nDuibheagán na Síoraíochta
- **(c)** "Is COIMÉIDE an saol dóibh siúd a DHÉANANN MACNAMH, TRAGÓID dóibh siúd a MHOTHAÍONN"
- **(d)** CÉ HÍ AN CAILÍN SIN? (nó BUACHAILL)

### 4. FÍODÓIREACHT

**(a)** Ag baint feidhme as uigeachtaí a bheadh in imeartas le chéile, i dteannta dathanna don chuid is mó, atá bunaithe ar mhiotal meirgeach, ar chruach dhomheirgthe, ar chrómchruach frithchaiteach, ar chopar/prás snasta, ar chré-umha ciarbhuí, ar phéatar neamhlonrach agus ar airgead lonrach, <u>dear agus fígh</u> píosa éadaigh a bheadh oiriúnach len úsáid i dtionscal an fhaisean mar fheisteas dioscó.

Bain feidhm as snáthanna éagsúla agus <u>cuir isteach roinnt uigí éagsúla</u>

**(Fíodóireacht ar lean)** **<u>NÓ</u>**

**(b)** Dear agus fígh taipéis bheag bunaithe ar **<u>CHEANN AMHÁIN</u>** díobh seo a leanas:-

Grinneall na hAbhann
Scáthanna d'áilleacht an Earraigh agus an tSamhraidh
Taobh thall den túr ceatha
Uiscí láibe

**N.B.** Bain feidhm as snáthanna agus uigí éagsúla san inneach. Is ceadmhach ábhair eile a úsáid chun cur le héifeachtacht do dhearadh.

**5. <u>LÍONÓILGHEARRADH</u>**

Dear agus priontáil íomhá le maisiú a dhéanamh ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:-

**(a)** Cárta lá breithe do chara leat
**(b)** Cárta ag tabhairt cuireadh chuig rang snúcair ó údarás mór ar an gcluiche
**(c)** Cárta ag tabhairt cuireadh chuig seó faisin.

Is cóir go mbeadh na toisí 150mm x 220mm ag do phrionta.
**N.B.** (1) Bain feidhm as **trí dhath** priontáilte ar a laghad (2) Ná cuirtear bloc líonóile isteach leis na priontaí.

**6. <u>PUIPÉADACHT</u>**

Dear agus déan puipéad buan, inoibrithe bunaithe ar **CHEANN AMHÁIN** de na téamaí seo a leanas:-
**(a)** Spéirbhean rac-cheoil
**(b)** An Bhaintreach Dhubh
**(c)** Athrú deilbhe

**7. <u>SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL</u>**

Dear agus priontáil íomhá bunaithe ar **CHEANN AMHÁIN** de na téamaí seo a leanas:-
**(a)** Tírdhreach faoi shuan
**(b)** Scalladh gréine sa chathair
**(c)** Cófra na cistine agus a bhfuil istigh ann
**(d)** Istigh faoin staighre

**8. <u>TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE</u>**

**(a)** Ag baint úsáide as"gréithe poircealláin, ciúbanna siúcra agus tlú airgid, crúiscíní beaga bídeacha, cácaí milse, milseáin, sceanra airgid, agus éadach boird bróidnithe" <u>nó</u> ag baint úsáide as "píosaí lego agus/nó blocanna aibítre pháiste" mar théama, dear agus priontáil ½ mhéadar de phátrún leanúnach ar phíosa fabraice. Cruthaigh gluaiseacht i do dhearadh. Bain feidhm as **trí dhath** ar a laghad agus bain feidhm as an bhforphriontáil.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** Dear agus priontáil painéal fabraice bunaithe ar:- "Taibhsí sa Chaisleán' <u>nó</u> 'An Mapa an Scuab agus an Folúsghlantóir". Bain feidhm as **trí dhath** ar a laghad agus bain feidhm as an bhforphriontáil.

**9. <u>BAITIC</u>**

Ag baint úsáide as fabraic oiriúnach, dear agus cruthaigh baitic bunaithe ar **CHEANN AMHÁIN** de na téamaí seo a leanas:-
**(a)** Tine Ealaíne
**(b)** Síolta agus cochaill
**(c)** Ceol na n-éan ag breacadh an lae

Bíodh pátrún, gluaiseacht agus uigeacht i do dhearadh.

**<u>TÁBHACHTACH</u>** Is cóir a laghad lámh phéinteáil agus is féidir a dhéanamh ar an bhfabraic. Ní mór do shaothar a thumadh in iomair an dathaithe faoi dhó ar a laghad i rith an phróiséis.

**10. <u>CRIADÓIREACHT</u>**

Roghnaigh **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:-
**(a)** Dear agus déan vása nó coimeádán bunaithe ar 'An Príomh-Chócaire'
**(b)** Dear agus déan Pota Mealla a d'fhéadfaí a úsáid ar an mbord.
**(c)** Dear agus corn, leacaigh nó múnlaigh Pláta Cáise, a b'fhéadfaí úsáid a bhaint as.
**N.B.** **(i)** Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó i gcás (a), (b) agus (c) thuas.

**(ii)** **<u>Ní mór</u>** cré-earraí a bhácáil, maisithe de réir mar is féidir, le glonraí, le sleamhnáin nó le hocsaidí. Ná péinteáil agus ná vearnaiseáil ach earraí a bácáiltear go timpeall 1000 C. Is ceadmhach ábhair eile a chur leis an saothar críochnaithe más mian leat.

**THALL**



**11. <u>BRÓIDNÉIREACHT</u>**

Dear agus déan bróidnéireacht ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:-

**(a)** Banda gruaige maisithe
**(b)** Ga leabhair
**(c)** Mála nó púitse a bhféadfaí fón póca choimeád ann

Bíodh do dhearadh bunaithe ar cheann de na téamaí seo a leanas:-

* Gairdín Pharthais, Ádhamh agus Éabha, an Ollphéist, Crann na hAithne, Díbrithe as an nGairdín, Parthas Caillte.
* Rósanna i mbarr bláth, bachlóga, piotail ag titim, duilleoga lonracha, gasanna deilgneacha, fás úr ó sheanadhmad
* Clapsholas meirbh i lár an tsamhraidh, an oíche is giorra, grianstad an tsamhraidh, solas péarlach, néalta stríoctha le dathanna, spéartha gealla soilseacha, sciatháin leathair le titim na hoíche, imlíne na gcrann, ciúnas faoin tuath.

Bain feidhm as appliqué agus greimeanna éagsúla, éifeachtaí 3D, coirníní &rl.

**12. <u>SNOÍODÓIREACHT ADHMAID</u>**

Dear agus snoígh **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:-

**(a)** Painéal rilífe a sheasann leis féin bunaithe ar 'Dhia na Gréine' nó 'An Cartóir'.
Bíodh uigeacht agus pátrún i do dhearadh.

**(b)** Plaic le comóradh a dhéanamh ar oscailt an Ionaid Chúraim Pobail nua i do cheantar.

**N.B.** Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó.

**13. <u>MIOTALÓIREACHT</u>**

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí seo a leanas:-

Ag úsáid miotail agus cruain oiriúnacha, dear agus déan plaic bunaithe ar 'NA DAOINE AR FAD A CAILLEADH AR FARRAIGE'

**<u>NÓ</u>**

Dear agus déan babhla miotail, trinsiúr, nó coimeádán agus úsáid phraiticiúil an tsaothair críochnaithe mar spreagadh agat.

**<u>NÓ</u>**

Dear agus déan CRANN FÁINNÍ a sheasann leis féin agus a bhféadfaí ceithre fháinne ar a laghad a chrochadh air.

**N.B.** Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó.

**14. <u>MÚNLÓIREACHT</u>**

**(a)** Dear agus múnlaigh mionsamhail de leacht dhealbhach le comóradh a dhéanamh ar AN PHÁIRT A GHLAC MHUINTIR NA hÉIREANN I gCÚRSAÍ CEOIL SAN 20ú hAOIS.
Ba chóir go dtaispeánfadh do réamhsceitse tomhais/scála an deilbh i dtaca le daoine/crainn/foirgintí. Ba chóir go dtaispeánfá freisin an suíomh timpeallachta a shamhlaíonn tú a bheadh oiriúnach dod dhealbh.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** Dear agus múnlaigh píosa cruinn, nó dronuilleogach bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:-

An Longbhriseadh
Treascairt

Díbirt
Is cóir don phíosa críochnaithe seasamh leis féin nó a bheith ina phíosa rilífe.